



**An Roinn Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil**
Department of Housing,
Planning and Local Government

Téarmaí agus Coinníollacha an Fhóirdheontais i leith Chostais Oibríochta Ghrúpscéimeanna Uisce

An tAonad Uisce Tuaithe

An Rannóg Seirbhísí Uisce

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Tithe an Rialtais

Béal an Átha

Co. Mhaigh Eo

F26 E8N6

Fón: (096) 24200

Íosghlao: 1890 20 20 21

Leagan: Lúnasa 2018

CLÁR na nÁBHAR

	Leathanach
GINEARÁLTA	1
RIARACHÁN	2
DÁTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN	3
CAOMHNÚ UISCE AGUS UISCE GAN TÁSC	3
CINEÁLACHA FÓIRDHEONTAS	5
FÓIRDHEONTAS A	
1. Rátaí Fóirdheontais	7
2. Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta i leith Incháilitheachta	7
3. Incháilitheacht an Chaiteachais	12
4. Caiteachas Cáilithe	12
5. Cionroinnt an Chaiteachais	13
6. Iarratas ar Fhóirdheontas	14
7. Riachtanais i leith Iarratais	15
FÓIRDHEONTAS B	
1. Ginearálta	18
2. Méid an Fhóirdheontais	18
3. Cionroinnt an Chaiteachais	18
4. Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta i leith Incháilitheachta	19
5. Iarratas ar Fhóirdheontas	19
6. Riachtanais i leith Iarratais	20
FÓIRDHEONTAS C	
1. Ginearálta agus Méid an Fhóirdheontais	21
2. Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta i leith Incháilitheachta	21
3. Iarratas ar Fhóirdheontas	22
Foirm chun Éileamh Bliantúil agus Réamhéileamh a Dhéanamh (WS 1 Sub)	Aguisín 1

GINEARÁLTA

Leagtar amach sa cháipéis seo na Téarmaí agus Coinníollacha athbhreithnithe a bhaineann le fóirdheontas a íoc (a dtagraítear dó mar "an scéim fóirdheontais" nó " an fóirdheontas" sa cháipéis seo) i leith chostais oibríochta ghrúpscéimeanna uisce a chuireann uisce ar fáil le haghaidh úsáid tí.

Léigh go cúramach na Téarmaí agus Coinníollacha seo ar fad sula dtugann tú faoi na foirmeacha iarratais na bhfóirdheontas a chomhlánú. Ní mór d'iarratas na grúpscéime agus an úsáid a bheidh le baint aici as an maoiniú a chuirfear ar fáil na téarmaí agus coinníollacha seo a shásamh go hiomlán chun go mbeidh fáil ag an ngrúpscéim ar an bhfóirdheontas.

Tá an fóirdheontas bliantúil seo, a íocann údaráis áitiúla i leith chostais oibríochta agus bainistithe ghrúpscéimeanna uisce a chuireann uisce ar fáil le haghaidh úsáid tí, ina chuid lárnach chun caighdeán agus iontaofacht na soláthairtí uisce tuaithe a choinneáil agus a fheabhsú. Is é an aidhm atá leis an bhfóirdheontas seo ná a chinntiú go ndéantar na nósanna imeachta a bhaineann le caitheamh go cothrom le líonta tí agus a bhaineann le tacaíocht airgeadais chomhionann a chur ar fáil do líonta tí a chur ar fáil go cothrom do líonta tí i ngrúpscéimeanna uisce agus do líonta tí atá ar an soláthar uisce poiblí (Uisce Éireann).

Chun críche fóirdheontais, déantar grúpscéim uisce a shainmhíniú mar:

"Scéim a chuireann soláthar príobháideach uisce ar fáil do dhá theach nó níos mó trí bhíthin foinse soláthair agus córas dáileacháin coiteann nó comhroinnte."

Chun críocha an fhóirdheontais, ní hionann tithe a bhfuil ceangail aonair acu le foinse choiteann soláthair agus a bhaineann leas as córais ar leithligh maidir le hastarraingt agus dáileadh agus grúpscéim uisce.

Tá maoin atá ag fáil uisce ó ghrúpscéim uisce incháilithe le bheith san áireamh chun críche fóirdheontais mar cheangal tí más í an mhaoin sin an ghnátháit chónaithe.

Chun críche na scéime fóirdheontais áirítear ar ghnáthait chónaithe:

- maoinne atá ligthe ar cíos go fadtéarmach,
- ní áirítear maoinne a bhíonn á n-oibriú ar bhonn tráchtála agus sin amháin (e.g. tithe saoire, maoinne féinfhrestail, láithreacha carbhán etc.),
- ní áirítear ceangail tí sa chás go bhfuil an mhaoin sin gan chónaí le fada.

Ní mór do gach scéim a dhéanann iarratas, chun críche an fhóirdheontais, incháilitheacht gach ceann dá gceangail tí a dheimhniú trína thaifeadadh ar liosta na mball (féach Aquisín 1, Cuid 4). Rachaidh údaráis áitiúla i mbun spotseiceálacha ar an liosta a chuirfear ar aghaidh chun an incháilitheacht sin a dheimhniú tuilleadh (féach thíos an cur síos ginearálta ar spotseiceálacha).

Ní mór do ghrúpscéim uisce aon íocaíocht fóirdheontais a fhaigheann sí a úsáid chun leasa a cuid ball tí agus sin amháin. Ní féidir aon chuid den íocaíocht fóirdheontais seo a úsáid chun baill nach baill tí iad a thras-fhóirdheonú.

AN SCÉIM FÓIRDHEONTAIS A RIAR

Na húdaráis áitiúla a riarann an scéim fóirdheontais. Is faoi chúram an údaráis áitiúil iomchuí atá gach ábhar a bhaineann le feidhmiú laethúil na scéime fóirdheontais, lena n-áirítear iarratais agus íocaíochtaí, a riar.

Ba cheart aon fhiosrúchán faoin bhfóirdheontas a sheoladh chuig Oifigeach Idirchaidrimh an Chláir Uisce Tuaithe de chuid an údaráis áitiúil iomchuí.

Mar chuid d'fheidhmiú laethúil na scéime fóirdheontais, rachaidh na húdaráis áitiúla i mbun roinnt spotseiceálacha ar na grúpscéimeanna uisce a dhéanfaidh iarratas. Déanfar na spotseiceálacha seo, a bhféadfadh sé go ndéanfaí iad faoi ghearrfhógra, chun a chinntiú go bhfuil Téarmaí agus Coinníollacha na scéime fóirdheontais á gcur i bhfeidhm ar bhealach atá comhlíontach go hiomlán agus atá chun leasa cothromais gach rannpháirtí sa scéim fóirdheontais. Is éard a bheidh i gceist de ghnáth le spotseiceálacha ná go mbeidh an t-údarás áitiúil ábalta, ar bhonn randamach, gnéithe d'iarratais ar fhóirdheontais, ach nach mbeidh teoranta de na nithe seo a leanas, a dheimhniú: liostaí ballraíochta, sampla de shonraisc tí chomh maith le nithe tacaíochta

éagsúla eile atá liostaithe de réir mar a theastaíonn chun críche fóirdheontais faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

Is féidir le húdarás áitiúil fóirdheontas iomlán nó cuid d'fhóirdheontas a choinneáil siar, a laghdú nó a aisghabháil má mheasann sé nach bhfuiltear ag cloí go hiomlán leis na Téarmaí agus Coinníollacha.

Nuair a bheidh iarratais faoin scéim fóirdheontais á bpróiseáil, tuigtear go mbeidh roinnt iarrthóirí ann a bhféadfadh sé nach mbeadh siad sásta le cinneadh an údaráis áitiúil. Sa chás sin, cuirfidh an t-údarás meicníocht ar fáil do gach scéim a dhéanann iarratas chun achomharc a dhéanamh. Ar an gcaoi sin, beidh deis ag an scéim athbhreithniú a fháil ar an gcinneadh a rinneadh ina cás féin. Is oifigeach údaráis áitiúil eile, nach raibh aon bhaint aige leis an iarratas bunaidh, a rachaidh i mbun an athbhreithnithe sin.

Beidh an nós imeachta seo a leanas i bhfeidhm maidir le gach achomharc:

- Tugtar cuireadh do scéimeanna atá ag déanamh iarratais, **achomharc i scríbhinn** a chur isteach i ndáil le haon chinneadh a fuaireadar ón údarás áitiúil maidir lena n-iarratas. Ní mór sin a chur ar aghaidh laistigh de thrí seachtaine ón dáta a bhfuaireadar an cinneadh agus ní mór dóibh na cúiseanna a bhfuiltear ag déanamh achomhairc a chur in iúl.
- Breithneoidh an t-údarás áitiúil an t-achomharc agus tabharfar breith air laistigh de cheithre seachtaine ó é a fháil.
- Cuirfear cinneadh ar an achomharc i scríbhinn chuig gach iarrthóir laistigh de choicís ó bheidh an cinneadh déanta.

DÁTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

Tá feidhm ag téarmaí agus coinníollacha an fhóirdheontais mar atá leagtha amach sa Mheabhrán seo ón 1 Eanáir 2018

CAOMHNÚ UISCE AGUS UISCE GAN TÁSC

Ní mór do ghrúpscéimeanna uisce a bheith gníomhach as caomhnú uisce a

dhéanamh ar a líonra uisce féin - agus sin a dhéanamh ar bhonn leanúnach. Ba chóir go mbeadh baill ag iarraidh a ndícheall a dhéanamh chun srian a chur ar chur amú uisce agus feasacht níos mó a chur ar na baill maidir le caomhnú uisce mar chuid de sin.

Is é uisce gan tásca (UFW) an difríocht idir "táirgeadh glan" (an méid uisce a sheachadtar isteach i líonra na scéime) agus an "méid a úsáidtear" (an méid uisce a bhfuil tuairisc dlisteanach ann gur úsáideadh é, bíodh sin le méadar nó gan méadar). Cuirfidh leibhéal arda Uisce gan Tásca go mór leis an gcostas a bhaineann le huisce a tháirgeadh agus grúpscéim uisce a bhainistiú. Bíonn sé sin, dá réir sin, ina chúis le fadhbanna inacmhainneachta agus d'fhéadfadh sin inbhuanaitheacht fhadtéarmach an fhoinsé soláthair uisce (loch, screamhuisce etc.) a chur i mbaol.

Tá an fóirdheontas in ainm is a chinntiú go mbeidh grúpscéim uisce dea-bhainistithe, ag a bhfuil a laghad is féidir den Uisce Gan Tasc, inmharthana ó thaobh airgeadais de. Dá bhrí sin, tá cur i bhfeidhm réamhghníomhach na mbeart caomhnaithe uisce ina choinníoll ginearálta incháilitheachta. Áirítear orthu:

- A bheith réamhghníomhach maidir le sceitheadh uisce a aimsiú agus a dheisiú.
- Builcmhéadair a shuiteáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Iniúchadh uisce.
- Méadrú na gceangal aonair.
- Billeáil ar bhonn úsáide.
- Cumarsáid le Baill.
- Monatóireacht theiliméadrach a dhéanamh ar bhuilcmhéadair
- Na príomhphíopaí a athchóiriú agus a athsholáthar.
- Comhlaí a athsholáthar agus a shuiteáil.

Ionas go gcuirfidh an fóirdheontas, mar aon le hioncam eile, ar chumas na grúpscéime uisce seirbhís eacnamaíoch a chur ar fáil agus a chothabháil dá cuid ball, ní mór fócas láidir a bheith ann go mbeifear gníomhach maidir le sceitheadh agus cur amú uisce a

shainaithint agus a laghdú.

Cuirtear maoiniú ar fáil faoin gClár Uisce Tuaithe, arna riar ag údaráis áitiúla, le haghaidh olloibreacha caipitil atá dírithe ar uisce a chaomhnú, clár chun na príomhphíopaí a athchóiriú agus a athsholáthar, comhlaí agus méadair a shuiteáil mar shampla. Ba chóir do scéimeanna a bhfuil clár d'oibreacha den chineál seo á meas acu teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Idirchaidrimh Chlár Uisce Tuaithe an údaráis áitiúil chun tuilleadh eolais a fháil. Is féidir tabhairt faoi mhionfheabhsúcháin atá dírithe ar uisce a chaomhnú, comhlaí agus méadair a shuiteáil mar shampla, faoin scéim fóirdheontais (faoi réir ag an uasfhóirdheontas ar an iomlán - féach Cuid A1.

CINEÁLACHA FÓIRDHEONTAS

Socraíonn an cineál grúpscéime uisce, socruithe oibriúcháin agus méid gné maidir le hincháilitheacht i leith fóirdheontais.

Is é an cinntitheach atá ann ó thaobh **cineál** (Fóirdheontas A):

- grúpscéim uisce príobháideach (i.e. cuireann uisce ar fáil dá cuid ball óna foinse agus ionad cóireála uisce féin), nó
- grúpscéim uisce phoiblí (i.e. uisce atá á soláthar ag Uisce Éireann a chur ar fáil dá cuid ball).

Ní bhaineann an cinntitheach **oibriúchán** (Fóirdheontas B) ach le grúpscéimeanna uisce príobháideacha atá:

- páirteach i gconradh fadtéarmach '*bona fide*' Oibriúchán agus Cothabhála (O&C) [e.g. mar chuid de thionscadal Dearaidh, Tógála agus Oibriúcháin ceadaithe *bone fide*], agus
- atá féinbhainistithe ag ball den scéim, ag Fostaí GWS nó ag conraitheoir atá fostaithe ag an scéim.

Ní bhaineann an cinntitheach **méid** (Fóirdheontas C) ach le grúpscéimeanna uisce príobháideacha:

- Scéimeanna ina bhfuil níos lú ná 100 teach páirteach iontu.

Roinntear an fóirdheontas ina thrí chuid atá leagtha amach chun na costais éagsúla a bhaineann le cineál, socruithe oibriúcháin agus méid a ghlacadh san áireamh mar seo a leanas:

- **FÓIRDHEONTAS A:** Tá an fóirdheontas seo, ina bhfuil dhá thairseach maoinithe, iníoctha i leith chostais oibriúcháin agus bainistíochta ghinearálta gach cineál grúpscéime uisce. Tá na riachtanais mhionsonraithe leagtha amach i gCuid A de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

- **FÓIRDHEONTAS B:** Tá an fóirdheontas seo iníoctha (sa bhreis ar Fhóirdheontas A) i leith na gcostas O&M a bhaineann le conarthaí DBO "*bona fide*" do ghrúpscéimeanna uisce. Tá na riachtanais mhionsonraithe leagtha amach i gCuid B de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.
- **FÓIRDHEONTAS C:** Is fóirdheontas breise é seo atá ar fáil sa bhreis ar Fhóirdheontas A chun grúpscéimeanna uisce beaga atá foinsithe go príobháideach, a bhfuil níos lú ná 100 teach páirteach iontu, a dhreasú chun go ndéanfar eintitis níos inbhuanaithe astu. Tá teorann 3 bliana ar an dreasacht ó thionscnaíonn scéim an próiseas go foirmeálta chun leanúint ar aghaidh mar eintitis níos inbhuanaithe. Tá na riachtanais mhionsonraithe leagtha amach i gCuid C de na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

CUID A - FÓIRDHEONTAS A I LEITH CHOSTAIS GHINEARÁLTA OIBRÍOCHTA AGUS BAINISTITHE GACH GRÚPSCÉIM UISCE

A1: GNÁTHRÁTAÍ AGUS RÁTAÍ FÓIRDHEONTAIS

Cuirtear Fóirdheontas A, atá ar fáil do gach grúpscéim uisce, ar fáil ag dhá ráta suas go dtí uasteorainn, ag brath ar cibé an grúpscéim uisce atá foinsithe go príobháideach nó grúpscéim uisce atá foinsithe go poiblí í an scéim.

Ní sháróidh ráta Fhóirdheontas A in aghaidh an tí a íocfar le scéim:

- Grúpscéim uisce atá foinsithe go príobháideach **€231.00**
- Grúpscéim uisce atá foinsithe go poiblí: **€115.00**

Tá incháilitheacht don fhóirdheontas faoi réir chomhlíonadh na gceanglas go léir atá leagtha amach thíos.

A2: TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA I LEITH

Ní bheidh grúpscéim uisce incháilithe d'Fhóirdheontas A ach amháin más rud é:

1. go bhfuil uisce atá sásúil, i dtuairim an údaráis áitiúil, á chur ar fáil aici le haghaidh úsáid tí (ie uisce a shásaíonn dea-chaighdeán Rialachán na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil¹),
2. go bhfuil an scéim bunaithe i gceart agus ar bhealach go ndéantar baill na grúpscéime uisce a aithint mar úinéirí na scéime:
 - sa chás gur scéimeanna ar an meánmhéid nó scéimeanna níos mó atá i gceist (scéimeanna a bhíonn rialaithe de ghnáth faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) ní mór sin a chur in iúl trí

¹ Rialachán na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil), 2014 (I.R. Uimh. 122 de 2014). Is féidir féachaint orthu ag: <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/si/122/made/en/print> agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) (Leasú) 2017 (I.R. Uimh. 464/2017). Is féidir féachaint orthu ag: <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/464/made/en/print>

struchtúr dlíthiúil mar Chomharchumann nó Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta ina bhfuil na baill ina scairshealbhóirí cothroma,

- sa chás gur scéimeanna níos lú atá i gceist (scéimeanna atá díolmhaithe de ghnáth faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil)), is féidir leis an scéim a bheith ina lontaobhas, Comharchumann nó ina Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta,
3. go stiúran sí a cuid gnóthaí go cuí de réir a Bunreachta/Rialacha agus de réir cheanglais ábhartha dlí,
 4. go bhfuil an Chairt um Chearta agus Freagrachtaí do bhaill na ngrúpscéimeanna uisce² atá ullmhaithe ag an gCoiste Náisiúnta um Sheirbhísí Uisce Tuaithe glactha aici,
 5. go bhfuil sé aontaithe, i gcás grúpscéimeanna uisce faoi úinéireacht phríobháideach, córas dearbhaithe cáilíochta a chur i bhfeidhm, a shásaíonn caighdeán na hAnailíse Guaise agus Pointí Rialúchán Criticiúla (HACCP) atá bunaithe ar an gCóras Dearbhaithe Cáilíochta (QAS)³ a d'fhorbair Chónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce agus atá ceadaithe ag an gCoiste Náisiúnta um Sheirbhísí Uisce Tuaithe, nó ag córas ábhartha atá ceadaithe ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI)⁴ nó a chomhionann,
 6. go bhfuiltear rannpháirteach go gníomhach i mbearta riachtanacha chun uisce a chaomhnú agus UFW a laghdú a chur i bhfeidhm mar atá leagtha amach faoi Uisce a Chaomhnú agus Uisce gan Tásc thuas,
 7. go bhfuil, i gcás grúpscéimeanna uisce príobháideacha, an chéad chéim de chur i bhfeidhm na pleanála cosanta foinse, Zón Cuidithe screamhuisce/réamhthuarascáil do bharcheantair dramhuisce tugtha chun críche (nó go bhfuiltear i mbun an phróisis í a thabhairt chun críche),
 8. go bhfuiltear ag gearradh costas ar bhaill tí faoi úsáid iomarcach, bunaithe ar úsáid mhéadráithe nó eile. Ní féidir le córas bunráta ná muirir sheasta a bheidh i bhfeidhm le haghaidh tomhaltóirí tí,

² Is féidir teacht ar an leagan is deireanaí ar láithreán gréasáin Chónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce ar an nasc seo a leanas: <http://www.nfgws.ie/Publications>

³ Is féidir teacht ar thuilleadh eolais ar QAS atá bunaithe ar HACCP ar láithreán gréasáin Chónaidhm

Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce ar an nasc seo a leanas: <http://www.nfgws.ie/Quality-drinking-water/Quality-Assurance-System>

⁴ Is féidir teacht ar thuilleadh eolais ar na córais dearbhaithe cáilíochta atá ceadaithe ag an NSAI ar a láithreán gréasáin ar an nasc seo a leanas: <https://www.nsai.ie/>

9. go bhfuiltear ag cur tairseach 160m³ in aghaidh an cheangail tí in aghaidh na bliana ar fáil, nach bhfuil aon táillí uisce i bhfeidhm air agus a bhféadfadh sé go bhfuil muirir i ndáil le húsáid iomarcach i bhfeidhm air,
10. go bhfuil muirir úsáid-bhunaithe á gcur i bhfeidhm go hiomlán ar thomhaltóirí neamh-tí chun nach mbeidh siad tras-fhóirdheonaithe ag earnáil custaiméirí tí na scéime.

D'fhéadfadh an t-údarás áitiúil fianaise dhoiciméadach ar chomhlíonadh na gcoinníollacha atá liostaithe thuas a iarraidh, ar bhun spotseiceálacha, d'fhonn measúnú an iarratais fóirdheontais a éascú.

I gcomhthéacs mhír 1 thuas, ní mór soláthar uisce gach grúpscéim phríobháideach dhíolmhaithe, (ie scéim nach bhfuil monatóireacht á dhéanamh uirthi faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil), a thástáil gach bliain. Beidh cóip den teastas ar a bhfuil torthaí na tástála uisce ag teastáil ón údarás áitiúil chun bunús a thabhairt don iarratas ar fhóirdheontas. De bharr gur féidir leis an réimse iomlán paraiméadar a gcaitear tástáil a dhéanamh ina leith a bheith éagsúil ag brath ar an áit sa tír ina bhfuil an tástáil le déanamh, cuirfidh an t-údarás áitiúil an liosta ar fáil. Ní mór do shaotharlann chreidiúnaithe neamhspleách an tsampláil agus an tástáil a dhéanamh⁵.

Ina theannta sin, i gcomhthéacs Mhír 1 nuair is uisce atá á chur ar fáil ag grúpscéim uisce phríobháideach atá i gceist

- agus nach measann an t-údarás áitiúil go bhfuil an t-uisce sin sásúil i dtaobh caighdeáin ná cainníochta faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil), agus
- gur chuir an t-údarás áitiúil iallach ar an ngrúpscéim uisce clár gníomhaíochta feabhais a ullmhú nó gur chuir an t-údarás áitiúil comhairle uirthi ceann a ullmhú

D'fhéadfadh an scéim, faoi réir ag na coinníollacha eile atá liostaithe thuas, fós a bheith incháilithe le haghaidh íocaíocht fóirdheontais. Tá sé sin faoi choinníoll an scéim dul i mbun clár gníomhaíochta feabhais, i scríbhinn, a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, laistigh de thréimhse ama socraithe, atá ceadaithe ag an Údarás

Maoirseachta. Is é an cuspóir atá le clár gníomhaíochta feabhais ar bith ná an soláthar uisce a bheith a thabhairt le bheith ag comhlíonadh ceanglais Rialachán na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) ag an dáta is túisce agus is féidir.

⁵ Féach ar an láithreán gréasáin seo a leanas le haghaidh tuilleadh treorach:
<http://www.epa.ie/water/dw/hhinfo/testtreat/>

I gcomhthéacs Mhíreanna 8 agus 9 thuas, teastóidh fianaise dhoiciméadach ón údarás áitiúil chun bunús a thabhairt d'iarratas ar fhóirdheontas (e.g. cóip de shampla de shonrasc tí randamach mar a eisíodh é chuig an mball a léiríonn nach bhfuil aon mhuirear seasta á ghearradh agus a léiríonn chomh maith an tairseach tí nach bhfuil muirir uisce i bhfeidhm faoina bhun don tréimhse éilimh ábhartha).

Má mheasann grúpscéim uisce atá méadráithe go comhchoiteann (ceangail aonair) nach bhfuil sí ábalta, ar chúiseanna airgeadais, tairseach de 160m³ in aghaidh an bhaill tí in aghaidh na bliana a shocrú, ar a bhféadfadh muirir maidir le húsáid iomarcach a bheith i bhfeidhm air ar dhul os cionn na tairsí sin, ní mór do Bhord Bainistíochta na scéime ceadú bhaill na scéime níos leithne a fháil ar dtús. Ní mór d'aon scéim atá ag moladh go laghdófaí an tairseach 160m³ in aghaidh cheangal an bhaill tí in aghaidh na bliana sin a dhéanamh ag Cruinniú Ginearálta Speisialta (SGM) na scéime, atá glaoite chun na críche sin. Ní cheadófar muirear seasta ná bunráta a ghearradh ar chustaiméirí tí in imthosca ar bith.

Faoi rialacha na scéime, ní mór aon rún chun cead a fháil an tairseach leithrinnte tí de 160m³ in aghaidh an bhaill tí in aghaidh na bliana a laghdú, a bhféadfadh muirir maidir le húsáid iomarcach a bheith i gceist leo, a scaipeadh i scríbhinn mar Réamhfhógra chuig gach ball den scéim roimh an SGM i gcomhréir le rialacha na scéime. Ní mór na cinntí a dhéanann ball na scéime ag an SGM a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe. Beidh cóip de mhiontuairiscí an SGM ag teastáil ón údarás áitiúil chun bunús a thabhairt don iarratas ar fhóirdheontas.

Is éard is méadrú uilechoiteann ann - ar mhaithe le caomhnú uisce, cothromas, cothroime agus coigilteas i ndáil le costas oibriúcháin - bunspríoc na ngrúpscéimeanna uisce. Tá méadrú uilechoiteann i bhfeidhm ag an gcuid is mó de na grúpscéimeanna uisce.

Mar chuid d'aon mholadh a ghlacadh chun muirir maidir le húsáid iomarcach a ghearradh ar bhaill tí, ní mór do ghrúpscéim uisce, nuair nach ann do mhéadrú uilechoiteann, córas a chur i bhfeidhm a dhéanfaidh monatóireacht ar na modhanna traidisiúnta ar an méid uisce a úsáidtear. Áireofar air sin, mar shampla, méadair uisce

an cheantair, breathnú leis an tsúil (ar sceitheadh) agus teicnící éisteachta. Ní mór don scéim beartas glactha a ghlacadh maidir le méadrú tí aonair. Is chun go mbeidh sé ar chumas bhaill tí a chaitheann íoc ar bhonn neamhthomhaiste ar úsáid iomarcach (gan méadar), cead a bheith acu ag tráth ar bith a iarraidh i scríbhinn go gcuirfidh an scéim méadar isteach, ar chostas féin na scéime, agus táille a ghearradh orthu bunaithe ar bhonn úsáid iomarcach tomhaiste.

Ní íocfar an fóirdheontas bliantúil le scéim atá méadraithe go huilechoiteann nó nach bhfuil méadraithe go huilechoiteann, in imthosca ar bith, má tá muirear na scéime i ndáil le húsáid iomarcach socraithe ag níos lú ná 115m³ in aghaidh an bhaill tí in aghaidh na bliana nó má táthar ag úsáid bunráta nó ráta seasta do chustaiméirí tí agus nach rabhthas ábalta a léiriú go raibh fíor-riachtanas airgeadais i gceist leis an muirearú ar an úsáid iomarcach sin a ghearradh ar bhaill tí.

I gcúinsí áirithe, cuireann grúpscéimeanna uisce uisce ar fáil d'eintitis eile, nó faigheann grúpscéimeanna uisce uisce ó eintitis eile (Uisce Éireann nó grúpscéimeanna uisce eile). Le go gcáileoidh scéim don fhóirdheontas bliantúil, ní mór caitheamh le haon íocaíochtaí nó muirir chomhlacha ar uisce a cuireadh ar fáil nó a fuarthas ar bhealach struchtúrtha, cothrom agus cóir.

Sa chás go bhfuil uisce á soláthar ag grúpscéim uisce chuig eintitis eile mar atá leagtha amach thuas, ní mór d'aon mhuirir a gearradh ar an uisce a soláthraíodh an fóirdheontas Stáit atá á chur ar fáil cheana féin don scéim i leith chostas an uisce sin a chur ar fáil a léiriú. Níor chóir go mbeadh scéim, in imthosca ar bith, ag déanamh brabúis ar uisce a sholáthar nuair atá an costas chun an t-uisce sin a sholáthar fóirdheonaithe ag an Stát cheana féin.

Níl na costais a thabhaíonn scéim as uisce a chur ar fáil sna cúinsí atá leagtha amach thuas incháilithe mar chaiteachas chun críocha fóirdheontais.

Meastar gur aicme Custaiméir Neamh-Tí de chuid Uisce Éireann iad grúpscéimeanna uisce poiblí a fhaigheann uisce ón soláthar poiblí (Uisce Éireann). Coinneoidh Uisce

Éireann taraifí (ina mbeidh liúntas tí) i gcomhréir leis na struchtúir agus leis na coinníollacha infheidhmithe roimh an 1 Eanáir 2014 go dtí go mbeidh creat buan taraife i bhfeidhm.

A3: INCHÁILITHEACTH AN CHAITEACHAIS

D'fhonn a bheith incháilithe chun críocha fóirdheontais, i gcás ina mbaineann caiteachas arna thabhtú ag grúpscéim uisce leo seo a leanas:

- **uisce a sholáthar ar mhaithe le húsáid tí agus neamhtí araon:** déantar an caiteachas a chionnroinnt i gcomhréir le socruithe A5 thíos,
- **conraitheoirí ag soláthar earraí agus seirbhísí:** ní mór do na conraitheoirí sin a bheith cláraithe le haghaidh CBL agus fianaise ar imréiteach cánach arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar fáil.
- **pá nó tuarastal a íocadh le duine;** ní mór don duine sin a bheith cláraithe go cuí chun críocha cánach agus ní mór don ghrúpscéim uisce a bheith ina fostóir cláraithe a fheidhmíonn an córas ÍMAT/ÁSPC.

A4: CAITEACHAS CÁILITHÍOCH

Ní fhéadfar fóirdheontas a éileamh ach amháin i leith caiteachas neamh-chaipitiúil arna thabhtú ag grúpscéim uisce maidir leis na costais oibríochta i leith uisce tí a sholáthar do bhaill an ghrúpa le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an t-iarratas ar fhóirdheontas. Áirítear ar chaiteachas neamh-incháilithe dímheas ar shócmhainní, obair agus costais caipitil mhóra a bhaineann le uisce a chur ar fáil d'Uisce Éireann agus do scéimeanna eile. Is féidir go n-áireofaí leis an gcaiteachas incháilithe costais a bhaineann leo seo a leanas:

- cothabháil agus deisiú foirgneamh, trealamh agus feisteas a bhaineann le hastarraingt (lena n-áirítear cosaint foinse), cóireáil, stóráil agus dáileadh uisce;
- leictreachas/fuinneamh;
- ábhair a úsáidtear i gcóireáil nó i ndíghalrú uisce;
- pá/tuarastail agus na costais eile a bhaineann le bainisteoirí, riarthóirí, oibrithe nó pearsanra cothabhála, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha;
- árachas (lena n-áirítear árachas dliteanais phoiblí, árachas dliteanais fostóirí, ÁSPC, árachas maoinne/sócmhainní);
- costais riaracháin agus iniúchóireachta;

- monatóireacht ar cháilíocht an uisce;
- costais a bhaineann le Córas Dearbhaithe Cáilíochta a chur chun feidhme (féach A2.5 thuas);
- costais neamh-chaipitiúla a bhaineann le bearta caomhnaithe uisce agus bearta bainistithe éilimh a chur chun feidhme;
- plean feabhsúcháin uisce a ullmhú;
- oiliúint ábhartha pearsanra maidir le bainistiú agus oibriú na gcóras soláthair uisce, dearbhú cáilíochta, sceite a bhrath agus a rialú, bainistiú agus cothabháil an líonra dáileacháin, Sláinte agus Sábháilteacht, srl.;
- táillí cleamhnaithe i leith bhallaíocht Chónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce;
- costais a bhaineann le hoibriú an Chórais Bainistíochta Feidhmíochta (PMS) le haghaidh scéimeanna i gconarthaí 'bona fide' O&C, eadhon.:
 - Ionadaí Fostóra a Fhostú,
 - Iniúchóir neamhspleách um chomhlíonadh.
- bearta cosanta réasúnacha foinsí (e.g. fál timpeall ar an bhfoinse);
- oibreacha caipitil éigeandála (e.g. bonneagar atá lochtach mar chomhlaí agus fearais a athsholáthar);
- costais ghairmiúla agus dlí atá de dhíth;
- táillí bainc

A5: CIONROINNT AN CHAITEACHAIS

Ní mór don uisce á tháirgtear le haghaidh úsáid tí a bheidh ag cloí le caighdeán cháilíochta éigeantacha íosta Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil). Dá réir sin, ceadófar ina iomláine an caiteachas a thabhóidh grúpscéimeanna uisce i ndáil leis na nithe seo a leanas (faoi réir na n-uasmhéideanna atá leagtha amach faoi A1 thuas) agus an costas a bhaineann le soláthar uisce do bhaill tís á ríomh:

- monatóireacht oibríochtúil ar chaighdeán an uisce;
- táillí i ndáil le monatóireacht comhlíontach, a ghearrann an t-údarás áitiúil ar scéimeanna i gcomhthéacs Rialachán na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil);

- tomhaltáin chóireála agus díghalraithe;
- Córas Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm (féach A2.4 thuas);
- oiliúint ábhartha pearsanra ar chlár is gá chun a chinntiú go gcomhlíonfar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil);
- cothabháil na mbeart cosanta foinse;
- táillí cleamhnaithe i leith bhallaíochta Chónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce.
- costais a bhaineann leis an gCóras Bainistíochta Feidhmíochta a chur i bhfeidhm;
- costas a bhaineann le hIonadaí Fostóra a fhostú nuair is gá faoi chéim oibriúcháin conartha 'bona fide' O&C;
- Iniúchadh neamhspleách um chomhlíonadh i ndáil le comhlíonadh conartha 'bona fide' O&C.

Is féidir na costais incháilithe eile ar fad a fhorchúiteamh ag an ráta 85%. Más féidir le scéim ballraíocht/úsáid tí níos airde a léiriú, d'fhéadfadh sé go mbeidh sí i dteideal ráta níos airde.

A6: IARRATAS AR FHÓIRDHEONTAS

Foirm Iarratais: Ba chóir an Fhoirm Iarratais chéanna a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar Fhóirdheontas A, B agus C. Níl sé riachtanach an fhaisnéis bhreise is gá i gcomhair Fhóirdheontas B a chur ar fáil sa chás nach bhfuil grúpscéim uisce ag déanamh iarratais ach ar Fhóirdheontas A amháin.

Éileamh ar Fhóirdheontas Bliantúil: Ba cheart do ghrúpscéimeanna uisce iarratais ar íocaíocht an Fhóirdheontais Bliantúil a chur isteach ar Fhoirm WS1 Sub faoin 30 Meitheamh gach bliain tar éis na bliana lena mbaineann an t-éileamh ar fhóirdheontas.

Éileamh ar Réamhíocaíocht Fóirdheontais: Chun cuidiú le bainistíocht airgeadais na ngrúpscéimeanna uisce, féadfar Réamhíocaíocht Fóirdheontais a éileamh gach bliain. Ní sháróidh an réamhíocaíocht chaighdeánach 70% den Fhóirdheontas Bliantúil iomlán a íocadh leis an ngrúpa i leith na bliana roimhe sin.

Ní bheidh an chéad Réamhíocaíocht Fóirdheontais agus na cinn ina diaidh sin ar fáil ach sa chás ina bhfuil an Fóirdheontas Bliantúil don bhliain roimhe sin éilithe agus íoctha. Ba chóir iarratais ar Réamhíocaíochtaí Fóirdheontais a dhéanamh tríd an gcuid ábhartha den Fhoirm WS1 Sub a chomhlánú agus í a chur ar aghaidh faoin 30 Meitheamh den bhliain lena mbaineann an t-éileamh.

Más rud é go sáraíonn an réamhíocaíocht méid deiridh an Fhóirdheontais Bliantúil atá dlite go cuí don ghrúpscéim uisce, déanfar an méid breise a ghnóthú ó éileamh nó éilimh ina dhiaidh sin.

A7: RIACHTANAIS I LEITH IARRATAIS

Ní mór Ráiteas iomlán ar chuntais iniúchta, ina bhfuil sonraí faoi na costais iarbhír a thabhaigh agus faoin ioncam a fuair an grúpa agus uisce á sholáthar dá chuid ball a bheith in éineacht leis an iarratas ar Fhóirdheontas Bliantúil. Ní mór do scéimeanna gach cáipéisíocht a bhaineann leis na cuntais a choinneáil, i gcomhréir le ceanglais chorparáideacha. Ní mór cuntais a bheith iniúchta ag duine atá i dteideal iniúcháireacht a dhéanamh ar chuntais de chuid comhlachta chorpraithe. Ní mór don Ráiteas ar Chuntais a bheith sínithe ag na hIniúcháirí agus ag na hOifigigh ábhartha na scéime, a léiríonn go soiléir go bhfuil sé:

- deimhnithe le bheith ag teacht le hioncam agus le caiteachas bliantúil na grúpscéime, agus ag glacadh tuairim an Iniúcháora san áireamh, go dtugann na cuntais léiriú 'fíor agus cóir' ar chúrsaí airgeadais na scéime;
- go raibh siad glactha ag ballraíocht na grúpscéime ag a cruinniú ginearálta bliantúil;
- go bhfuil siad tugtha i gcrích ar bhonn na bliana féilire ón 1 Eanáir - 31 Nollaig.

Maidir le scéimeanna níos lú (e.g. scéimeanna atá faoi thairseach monatóireachta an uisce óil ar a dtugtar scéimeanna díolmhaithe de ghnáth), d'fhéadfadh ráiteas cuntas mar aon le cáipéisí tacaíochta (m.sh. sonraisc a íocadh) a bheith inghlactha don údarás áitiúil mar mhalairt air sin, ag féachaint do chineál agus méid an chaiteachais atá i gceist.

Ba chóir na nithe Caiteachais seo a leanas (nuair is ábhartha agus is cuí) a shainaithint go leithleach sna cuntais:

- muirir maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh arna ngearradh ag an údarás áitiúil de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil), 2014 (I.R. Uimh. 122 de 2014);
- costais arna dtabhú ar mhonatóireacht oibríochta ar chaighdeán an uisce;
- costas na dtomhaltán cóireála agus díghalraithe (nach bhfuil baint acu le conradh DTO);
- táillí seasta agus toirtmhéadracha (arna n-aithint ina n-aonar) a ghearrtar faoi théarmaí an chonartha DBO/O&M;
- costais a bhaineann le Córas Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm;
- costas a bhaineann le hoiliúint ábhartha pearsanra ar chláir is gá chun a chinntiú go gcomhlíonfar caighdeáin reachtúla um uisce óil;
- costais a bhaineann le cothabháil na mbeart cosanta foinse;
- táillí cleamhnaithe i leith bhallaíochta Chónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce;
- costais a bhaineann leis an gCóras Bainistíochta Feidhmíochta a chur i bhfeidhm;
- costas a bhaineann le hlonadaí Fostóra a fhostú nuair is gá faoi chéim oibriúcháin conartha 'bona fide' O&C;
- Iniúchadh neamhspleách um chomhlíonadh i ndáil le comhlíonadh conartha 'bona fide' O&C;
- costais a bhaineann le huisce a chur ar fáil don ghrúpscéim uisce ó Uisce Éireann nó ó ghrúpscéim uisce eile agus mar an gcéanna an ghrúpscéim uisce ag cur uisce ar fáil d'Uisce Éireann nó do ghrúpscéim uisce eile (ní mór gach cás a chur in iúl ar leithligh).

Déanfaidh an t-údarás áitiúil incháilitheacht na n-iarratas ar Fhóirdheontais Bhliantúla agus ar Réamhíocaíochtaí a chinneadh de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha seo. Mar sin féin, is féidir le húdarás áitiúil aon fhaisnéis, doiciméid nó fianaise eile a lorg a theastóidh uaidh le réasún chun a chur ar a chumas an t-iarratas a chinneadh féach A2 thuas).

Tar éis dó an t-iarratas a scrúdú, cuirfidh an t-údarás áitiúil méid an fhóirdheontais atá iníoctha, más ann, in iúl don ghrúpscéim uisce. Bainfear as aon Réamhíocaíocht Fóirdheontais atá faighte cheana féin ag an ngrúpa i leith na bliana atá i gceist, nó aon ró-íocaíocht ó bhliain roimhe sin, agus íocfar an chuid eile den mhéid atá dlite isteach i gcuntas bainc an ghrúpa.

Ba chóir don Údarás Áitiúil glacadh le cuntais iniúchta mar fhianaise ar chaiteachas. Mar sin féin, féadfaidh údarás áitiúil aon fhaisnéis, go ginearálta ar bhonn eisceachtúil, doiciméid nó fianaise eile a lorg a theastóidh uaidh le réasún chun a chur ar a chumas an t-iarratas a chinneadh. Is faoi na grúpscéimeanna uisce atá sé a chinntiú go bhfuil an t-ábhar a chuirtear in iúl sna cuntais soiléir agus nach bhfuil aon débhrí ag baint leo.

CUID B –

FÓIRDHEONTAS I LEITH CHOSTAIS CHONARTHAÍ 'BONA FIDE' OIBRIÚCHÁIN AGUS COTHABHÁLA (O&C) AGUS DEARADH, TÓGÁLA AGUS OIBRIÚCHÁIN (DTO)

B1: GINEARÁLTA

Tá Fóirdheontas B iníoctha le grúpscéimeanna uisce i leith na gcostas a bhaineann le huisce a sholáthar le haghaidh úsáid tí faoi chonradh 'bona fide' (O&C) [m.sh. mar chuid de thionscadal DTO]. Féach B4.1 thíos.

B2: MÉID AN FHÓIRDHEONTAIS

Cinnfidh an t-údarás áitiúil méid an fhóirdheontais a bheidh iníoctha de réir na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo. Clúdaítear sa fóirdheontas:

- **Muirear Seasta** (lena n-áirítear CBL agus innéacsú) an tionscadail DBO, agus
- **Muirear Toirtmhéadrach** (lena n-áirítear CBL agus innéacsú) an tionscadail DBO.

B3: CIONROINNT AN CHAITEACHAIS

Déanfar cionroinnt na gcostas idir tomhaltóirí tí agus tomhaltóirí neamh-tí chun críocha fóirdheontais a chinneadh mar seo a leanas:

- 100% den mhír Muirir Sheasta,
- 85% den Mhuirear Toirtmhéadrach, suas go dtí uastréachur deartha an ionaid cóireála uisce. Más féidir le scéim ballraíocht/úsáid tí níos airde a léiriú, d'fhéadfadh sé go mbeidh sí i dteideal ráta níos airde.

B4: TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA I LEITH

Chun cáiliú le haghaidh Fóirdheontas B, ní mór do ghrúpscéim uisce a bheith ag cloí go hiomlán leis na téarmaí agus na coinníollacha ginearálta atá leagtha amach i gcuid A2 thuas (ie d'Fhóirdheontas A). Ina theannta sin, ní mór don ghrúpa:

1. a bheith faoi cheangal conarthach ag Conradh *bona fide* O&C atá faighte i gcomhréir dhlúth leis an Doiciméad Treorach maidir le Soláthar Scéimeanna Beaga Seirbhísí Uisce, Cuid A – Modúl Uisce Tuaithe (Conarthaí Dearaidh, Tógála agus Oibriúcháin);
2. go bhfuil sé bunaithe mar Chomharchumann nó mar Chuideachta Theoranta (féach A2.2 thuas);
3. go bhfuil cuntas bainc tiomnaithe ar leith aige ina ndéanfar gach íocaíocht faoi Fhóirdheontas B a lóisteáil ann agus as a ndéanfar gach íocaíocht O&C leis an gconraitheoir;
4. go bhfuil socruithe i bhfeidhm aige le haghaidh íocaíochtaí leis an gconraitheoir O&C.

Féadfaidh an t-údarás áitiúil fianaise dhoiciméadach ar chomhlíonadh na gceanglas ag 1 go dtí 4 thuas a iarraidh, ar bhonn spotseiceálacha, i gcomhar leis an iarratas ar fhóirdheontas.

Sa chás go mbaineann caiteachas a tabhaíodh le conraitheoirí a chuir earraí agus seirbhísí ar fáil, ní mór do na conraitheoirí sin a bheith cláraithe le haghaidh CBL agus fianaise ar imréiteach cánach arna eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar fáil.

B5: IARRATAS AR FHÓIRDHEONTAS

Éileamh ar Fhóirdheontas Bliantúil: Ba cheart do ghrúpscéimeanna uisce iarratais ar íocaíocht an Fhóirdheontais Bliantúil a chur isteach ar Fhoirm WS1 Sub faoin 30 Meitheamh gach bliain tar éis na bliana lena mbaineann an t-éileamh ar fhóirdheontas.

Éileamh ar Réamhíocaíocht Fóirdheontais: Chun cuidiú le bainistíocht airgeadais

na ngrúpscéimeanna uisce, féadfar réamhíocaíochtaí ar Fhóirdheontas B a éileamh i leith íocaíochta ar bhonn ráithiúil i mí an Mhárta, i mí an Mheithimh, i mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag. Beidh an réamhíocaíocht uasta ráithiúil cothrom le 25% den fhóirdheontas a íocadh sa bhliain roimhe sin maidir le Muirir Sheasta agus Muirir Thoirtmhéadracha.

Ní bheidh an tríú réamhíocaíocht faoi Fhóirdheontas B ná na cinn ina dhiaidh sin ar fáil ach sa chás go bhfuil an Fóirdheontas Bliantúil (A, B agus C más infheidhme) don bhliain roimhe sin éilithe agus íoctha. Ba chóir iarratais ar réamhíocaíochtaí Fhóirdheontas B a dhéanamh tríd an gcuid ábhartha den Fhoirm WS1 Sub a chomhlánú agus í a chur ar aghaidh chuig an údarás áitiúil chomh luath agus is féidir.

Más rud é go sáraíonn an réamhíocaíocht méid deiridh an Fhóirdheontais Bhliantúil atá dlite go cuí don ghrúpscéim uisce, déanfar an méid breise a aisghabháil ó éileamh nó éilimh ina dhiaidh sin.

B6: RIACHTANAIS I LEITH IARRATAIS

Déanfaidh an t-údarás áitiúil incháilitheacht na n-iarratas ar Fhóirdheontais Bhliantúla agus ar Réamhíocaíochtaí a chinneadh de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha seo. Mar sin féin, féadfaidh údarás áitiúil aon fhaisnéis, doiciméid nó fianaise eile a lorg a theastóidh uaidh le réasún chun a chur ar a chumas an t-iarratas a chinneadh.

Tar éis dó an t-iarratas a scrúdú, cuirfidh an t-údarás áitiúil méid an fhóirdheontais atá iníoctha, más ann, in iúl don ghrúpscéim uisce. Bainfear as aon Réamhíocaíocht Fóirdheontais atá faighte cheana féin ag an ngrúpa i leith na bliana atá i gceist, nó aon ró-íocaíocht ón bhliain roimhe sin, agus íocfar an chuid eile den mhéid atá dlite isteach i gcuntas bainc an ghrúpa.

CUID C –

FÓIRDHEONTAS C FÓIRDHEONTAS BREISE ATÁ AR FÁIL MAR AON LE FÓIRDHEONTAS A CHUN GRÚPSCÉIMEANNA BEAGA PRÍOBHÁIDEACHA INA BHFUIL NÍOS LÚ NÁ 100 TEACH A DHREASÚ CHUN GO nDÉANFAR EINTITIS NÍOS INBHUANAITHE ASTU.

C1: GINEARÁLTA AGUS MÉID AN FHÓIRDHEONTAIS

Tá Fóirdheontas C iníoctha le grúpscéimeana uisce príobháideacha ina bhfuil níos lú ná 100 teach, ar feadh tréimhse trí bliana, a chomhaontaíonn dul ar aghaidh chuig agus dul ar aghaidh le comhnascadh agus/nó straitéis cuíchóirithe ina ndéantar eintitis nua dá cumasc.

Is é an cuspóir atá le Fóirdheontas C ná na grúpscéimeanna uisce beaga príobháideacha seo a dhreasú le dul ar aghaidh tríd an gcomhnascadh agus/nó an cuíchóiriú chun scéimeanna níos inbhuanaithe a dhéanamh astu sa bhfadtéarma (trí bharrainneacht scála). Tá Fóirdheontas C in ainm is míreanna caiteachais mar atá leagtha amach in A4 a mhaoiniú agus ina theannta sin, caiteachas a bhaineann le comhnascadh agus/nó straitéis cuíchóirithe (e.g. scor agus clárú eintiteas, riarachán, bainistíocht, cuntasáíocht dlí, etc.).

Cinnfidh an t-údarás áitiúil an méid d'Fhóirdheontas C atá iníoctha de réir na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo. Cuirfear suas le €50 in aghaidh an tí ar fáil faoin bhfóirdheontas seo in éineacht le Fóirdheontas A, faoi réir ag uasteorainn €281 (€231 Fhóirdheontas A móide €50 Fhóirdheontas C).

C2: TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA I LEITH INCHÁILITHEACHTA

Ní mór do ghrúpscéim uisce a bheith ag comhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha ginearálta mar atá leagtha amach in A2 le bheith incháilithe le haghaidh Fóirdheontas C. Ina theannta sin, ní mór don ghrúpscéim:

1. A chomhaontú go foirmeálta i scríbhinn a bheith páirteach sa chomhnascadh agus/nó cuíchóiriú i gcomhréir le straitéis cheadaithe an údaráis áitiúil.
2. Leagfar amach sa straitéis cheadaithe na spriocanna a bheidh le baint amach ag an ngrúpscéim uisce thar tréimhse trí bliana, lena n-áirítear an sceideal ama chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leo seo a leanas:
 - a) Coiste stiúrtha tionscadal a bhunú, ar a mbeidh ionadaíocht chionmhar ó gach scéim a bheidh páirteach lena n-áirítear ionadaithe ón údarás áitiúil agus ón NFGWS, chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis na spriocanna agus sceidil ama atá aitheanta,
 - b) Innealtóir a cheapadh, nuair is cuí, chun tuarascáil mhionsonraithe a chur i dtoll a chéile ina ndéanfar cur síos ar aon oibreacha cumasaithe caipitil a d'fhéadfadh gá a bheith leo chun an tionscadal comhnascatha/cuíchóirithe a éascú, lena n-áirítear meastacháin buiséid etc. agus chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an tionscadail,
 - c) Na ranníocaíochtaí airgeadais cothroma atá de dhíth ó gach scéim a bheidh páirteach a thabhairt chun críche agus iad a chomhaontú (más ann).
 - d) Ceadú na mball níos leithne a fháil trí Chruinnithe Ginearálta Speisialta a reáchtáil chun dul chun cinn a dhéanamh leis an tionscadal agus an t-eintiteas cuíchóirithe nua atá beartaithe a bhunú agus a chlárú,
 - e) Ag brath ar cheadú na mball, déanfaidh an t-eintiteas nua iarratas leis an údarás áitiúil chun aon chúnamh deontais cuí i leith oibreacha caipitil aitheanta a cheadú.

Ní mór do na nithe ar fad thuas a bheith tugtha chun críche laistigh den tréimhse ama trí bliana, ag tosú ón dáta ar cheadaigh an t-údarás áitiúil an t-eintiteas go foirmeálta.

Beidh fianaise dhoiciméadach ar chomhlíonadh na gceanglas thuas ag teastáil ón údarás áitiúil i gcomhar leis an iarratas ar fhóirdheontas.

C3: IARRATAS AR FHÓIRDHEONTAS

Ba chóir éileamh ar Fhóirdheontas C a dhéanamh ar Fhoirm WS1.

AGUISÍN 1

**FÓIRDHEONTAS I LEITH
CHOSTAIS OIBRIÚCHÁIN
GHRÚPSCÉIMEANNA UISCE**

**IARRATAS CHUIG
COMHAIRLE**

**LE hAGHAIDH
ÍOCAÍOCHT
FÓIRDHEONTAIS**

NÓTA:

Ba chóir an fhoirm iarratais seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar íocaíochtaí fóirdheontais, idir Íocaíochtaí Bliantúla agus Réamhíocaíochtaí, faoi Fhóirdheontas A, B agus C. Ba chóir í a chur isteach;

- I gcás **éileamh ar Fhóirdheontas A & C Bliantúil** – faoin **30 Meitheamh** tar éis na bliana lena mbaineann an t-éileamh.
- I gcás **éileamh ar Réamhíocaíochtaí i leith Fhóirdheontas A & C** – faoin **30 Meitheamh** sa bhliain lena mbaineann an t-éileamh.
- I gcás **éileamh ar Fhóirdheontas B Bliantúil** – faoin **30 Meitheamh** tar éis na bliana lena mbaineann an t-éileamh.
- I gcás **Réamhíocaíocht Ráithiúil i leith Fhóirdheontas B**, chomh luath agus is féidir sa bhliain lena mbaineann an t-éileamh.

Níl sé riachtanach an fhaisnéis bhreise is gá i gcomhair Fhóirdheontas B a chur ar fáil sa chás nach bhfuil grúpscéim uisce ag déanamh iarratais ach ar Fhóirdheontas A amháin.

Féadfaidh údarás áitiúil aon fhaisnéis, doiciméid nó fianaise eile a lorg a theastóidh uaidh le réasún chun go mbeidh sé ar a chumas cinneadh a dhéanamh faoin iarratas.

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN:

Léigh na Téarmaí agus Coinníollacha maidir le híocaíocht fóirdheontas sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo.

Ní mór Cuid 1 & Cuid 2 mar aon leis an Dearbhú (Cuid 6) a chomhlánú i ngach cás. Ina theannta sin, ní mór Cuid 3, Cuid 4 & Cuid 5 a chomhlánú maidir le gach Éileamh ar Fhóirdheontas **Bliantúil**.

CUID 1: SONRAÍ NA GRÚPSCÉIME – LE COMHLÁNÚ I NGACH CÁS

Ainm an Údaráis Áitiúil: _____

Bliain lena mbaineann an t-iarratas seo: _____

Ainm na Grúpscéime Uisce: _____

STÁDAS an Ghrúpa (*Cuir tic sna boscaí cuí*)

Comharchumann Cláraithe Cuideachta Theoranta

Eile (sonraigh le do thoil)

Uimhir Chláraithe an Chomharchumainn nó na Cuideachta: _____

Oifig Chláraithe an Chomharchumainn nó na Cuideachta: _____

Rúnaí nó Bainisteoir na Grúpscéime:

Ainm: _____

Post: _____ (*Rúnaí nó Bainisteoir*)

Seoladh: _____

Fón: _____

Fón Póca: _____

Ríomhphost: _____

Iarratas á dhéanamh ar -

- Íocaíocht Bhliantúil faoi Fhóirdheontas A
- Réamhíocaíocht faoi Fhóirdheontas A
- Íocaíocht Bhliantúil faoi Fhóirdheontas B
- Íocaíocht Ráithiúil faoi Fhóirdheontas B
- Íocaíocht Bhliantúil faoi Fhóirdheontas C
- Réamhíocaíocht faoi Fhóirdheontas C

Dáta an Chruinnithe Ghinearálta Bhliantúil deiridh (cuir faoi iamh cóip den Fhógra faoin gcruinniú sin):

SONRAÍ BAINC NA GRÚPSCÉIME UISCE - ÍOCAÍOCHT FAOI FHÓIRDHEONTAS A

Banc : _____ Brainse :: _____

Seoladh : _____

Ainm ar an gCuntas _____

UIMH. BIC: _____

UIMHIR IBAN _____

SONRAÍ BAINC NA GRÚPSCÉIME UISCE - ÍOCAÍOCHT FAOI FHÓIRDHEONTAS B

(Tá cuntas bainc tiomnaithe ar leith de dhíth maidir le híocaíochtaí faoi Fhóirdheontas B)

Banc: _____ Brainse : _____

Seoladh: _____

Ainm ar an gCuntas _____

UIMH. BIC: _____

UIMHIR IBAN _____

An bhfuil socruithe i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí leis an gconraitheoir O&C?

Tá Níl

SONRAÍ NA GRÚPSCÉIME (AN FHOINSE AGUS AN CHÓIREÁIL A SOLÁTHRAÍODH)

FOINSE an tsoláthair: Uisce Éireann Príobháideach **NÍ** DBO atá i gceist

Conradh 'Bona Fide' DTO* Príobháideach

Meánéileamh in aghaidh an lae le 12 mhí anuas: _____ 000 galún/m³

Cóireáil Uisce Curtha ar Fáil: Tá Níl

Más **TÁ** sonraigh an chóireáil thíos; -

- Conradh 'Bona Fide' O&C DBTO:

Ainm an Chonraitheora DTO: _____

Cineál Cóireála: _____

- Eile:

Tabhair sonraí na Cóireála (lena n-áirítear ainm an Chonraitheora, más infheidhme) thíos;

CUID 2: DEARBHÚ CÁILÍOCHTA, CAIRT UM CHEARTA AGUS CAOMHNÚ UISCE – LE COMHLÁNÚ I NGACH CÁS

CÓRAS DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA

An bhfuil dearbhú cáilíochta á chur i bhfeidhm: Tá Níl
 Oiliúint Tá Níl

Cineál an Chórais QA: _

Ní mór deimhniú a bheith ar fáil le haghaidh iniúchta.

CAIRT UM CHEARTA

Glactha: Tá Níl Dáta an Ghlactha: _____

Ní mór deimhniú ar ghlacadh a bheith ar fáil le haghaidh iniúchta.

BEARTA CAOMHNAITHE UISCE

An bhfuil Bearta Caomhnaithe Uisce á gcur i bhfeidhm ag an scéim - Tá Níl

Tabhair na Bearta Caomhnaithe Uisce a chuathas ina mbun thíos (cuir tic sna boscaí cuí);

Réamhghníomhach maidir le Sceitheadh a aimsiú & a dheisiú		Billeáil ar bhonn Úsáide		Cumarsáid le Bail	
Builmhéadair a Shuiteáil agus Monatóireacht a dhéanamh orthu		Monatóireacht Theiliméadrach ar Bhuilmhéadair		Iniúchadh Uisce	
Méadrú na gCeangal Aonair		Na príomhphíobáin a Athchóiriú & a Athsholáthar		Suiteáil agus Athsholáthar Comhláí	

Eile (sonraigh le do thoil):

TÉIGH GO DTÍ CUID 3 MAIDIR LE HÉILIMH AR FHÓIRDHEONTAS BLIANTÚIL

TÉIGH GO DTÍ CUID 6 MAIDIR LE HÉILIMH AR RÉAMHÍOCAÍOCHT I LEITH FÓIRDHEONTAIS (DEARBHÚ)

CUID 3: SONRAÍ NA GRÚPSCÉIME (CEANGAIL AGUS AN MÉID UISCE A SOLÁTHRAÍODH) – LE COMHLÁNÚ I nDÁIL LE hÍOCAÍOCHTAÍ FÓIRDHEONTAIS BLIANTÚLA

LÍON NA gCEANGAL LEIS AN SCÉIM (don bhliain lena mbaineann an t-éileamh): COMHLÁNAIGH MAIDIR LE FÓIRDHEONTAS A & FÓIRDHEONTAS B ARAON.

(Ní mór liosta na dtomhaltóirí agus na gcineálacha ceangal a chur faoi iamh leis an bhfoirm iarratais – Féach Cuid 4)

Cineál Ceangail	Líon
Ceangal Tí Amháin	
Ceangal Tí agus Talmhaíochta / Gnó (ceangail chomhúsáide/úsáide measctha)	
Úsáid Talmhaíochta/Ghnó Amháin	
Eile (m.sh. Scoileanna, srl.)	

SONRAÍ AN UISCE A SHOLÁTHAR AN GRÚPA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH an 31 Nollaig 20 .

Catagóir	Imleabhar	Aonaid (scríos mar is cuí)
An Líon Iomlán Uisce Tí a Soláthraíodh		m ³
Meán-úsáid Tí		m ³
Úsáid nach úsáid tí í		m ³
Uisce Measta gan Tásca		m ³

Bunaithe ar:

- Léamh ó Úsáid Mhéadráithe
- Úsáid Mheasta

**SONRAÍ AN ÉILIMH FÓIRDHEONTAIS - LE COMHLÁNAÚ I nDÁIL LE
HÍOCAÍOCHTAÍ FÓIRDHEONTAIS BLIANTÚLA**

NÍ MÓR CUNTAIS INIÚCHTA CHEADAITHE AGUS SHÍNITHE A CHUR AR AGHAIDH DE RÉIR A7 SNA TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SEO. SA CHÁS GO BHFUIL CUNTAIS INIÚCHTA SAN ÁIREAMH MAR CHUID D'ÉILEAMH, TÉIGH AR AGHAIDH GO DTÍ CUID 4.

MAIDIR LE SCÉIMEANNA NÍOS LÚ NACH BHFUIL CUNTAIS INIÚCHTA DE DHÍTH (E.G. SCÉIMEANNA FAOI BHUN NA TAIRSI MONATÓIREACHTA AR UISCE ÓIL), GLACFAIDH AN tÚDARÁS ÁITIÚIL LE RÁITEAS AR NA CUNTAIS CHOMH MAITH LE CÁIPÉISÍOCHT TACAÍOCHTA (E.G. SONRAISC A ÍOCADH) AG FÉACHAINT DO CHINEÁL AGUS MÉID AN CHAITEACHAIS ATÁ I gCEIST.

Uimh.	Mír Chostais	Méid
1.	Monatóireacht oibríochtúil ar chaighdeán an uisce;	€
2.	Monatóireacht oibríochtúil ar chaighdeán an uisce;	€
3.	Gach tomhaltán cóireála agus díghalraithe (seachas cinn a bhaineann le DBO)	€
4.	Córas Dearbhaithe Cáilíochta a chur chun feidhme	€
5.	Oiliúint ábhartha pearsanra maidir le bainistiú agus oibriú na gcóras soláthair uisce	€
6.	Cothabháil na mbeart Cosanta Foinse	€
7.	Táillí cleamhnaithe maidir le Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce	€
8.	Gach Costas oibríochtúil eile	

CUID 4: LIOSTA DE BHAILL NA GRÚPSCÉIME, CINEÁL AN CHEANGAIL – LE COMHLÁNÚ I nDÁIL LE hÍOCAÍOCHTAÍ FÓIRDHEONTAIS BLIANTÚLA

Cineálacha Ceangal:

- DO : Ceangal Tí Amháin
- DL/DB : Úsáid Tí & Talmhaíochta/Úsáid Tí agus Ghnó
- L/BO : Úsáid Talmhaíochta/Ghnó Amháin
- Trá : Tráchtáil
- Eile: Grúpscéimeanna Uisce, Údaráis Áitiúla, Scoileanna srl.

Ainm	Seoladh(seoltaí)	Éirchód (éirchóid):	Cineál Ceangail (féach thuas)	Gnátháit chónaithe (Is ea/Ní hea)

Cuir leathanaigh bhreise leis nuair is gá.

Sa chás nach bhfuil maoin mar thalamh in úsáid ag an úinéir, ba chóir Éirchód na maoin atá á chur ar fáil a lua.

CUID 5: SEICLIOSTA NA NITHE NACH MÓR A CHUR AR AGHAIDH I nDÁIL LEIS AN ÉILEAMH SEO - LE COMHLÁNÚ I nDÁIL LE hÍOCAÍOCHTAÍ FÓIRDHEONTAIS BLIANTÚLA

Liosta iomlán bhaill na scéime ag deireadh na bliana lena mbaineann an t-éileamh. Ba chóir idirdhealú a dhéanamh sa liosta ar an gcineál ball – Úsáid Tí amháin, Úsáid Tí agus Talmhaíochta/Úsáid Tí agus Ghnó (.i. ceangail chomhúsaide/úsáide measctha); Úsáid Talmhaíochta/Ghnó amháin; Úsáid Tráchtála/Eile.	
Cuntais Iniúchta cheadaithe agus shínithe, don bhliain lena mbaineann an t-éileamh (i gcás scéimeanna níos lú féach cuid A7 de na Téarmaí agus Coinníollacha).	
Fianaise ar imréiteach cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim	
Cóip den Fhógra faoin gCruinniú Ginearálta Bliantúil deiridh	
Deimhniú nach bhfuil Muirear Seasta ar bith ná muirear Ráta Comhréidh ar bith i bhfeidhm i leith Tomhaltóirí Tí (m.sh. cóip de bhille de chuid baill tí)	
Deimhniú go bhfuil an Chairt um Chearta glactha agus deimhniú ar Fhreagrachtaí Bhaill na Grúpscéime Uisce	
Fianaise cáipéisíochta de réir mar a bheidh ag teastáil maidir le Fóirdheontas C	

CUID 6: DEARBHÚ NA NOIFIGEACH – LE COMHLÁNÚ I NGACH CÁS

Déanaimidne, Oifigigh Ghrúpscéim Uisce _____, iarratas ar an Réamhíocaíocht Fóirdheontais / an Íocaíocht Fóirdheontais Bhliantúil (scrios mar is cuí), atá leagtha amach san iarratas seo, i leith na gcostas oibríochtúla de chuid Ghrúpscéim Uisce _____ i ndáil leis an mbliain dar críoch an ___/___/20 .

Treoraímid go ndéanfar an íocaíocht chuig cuntas bainc an ghrúpa mar atá sonraithe i gCuid 1.

Dearbhaímid go bhfuil:

- An Ghrúpscéim ag comhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha maidir le hÍocaíocht fóirdheontas mar atá leagtha amach sna Téarmaí agus Coinníollacha seo,
- gcreidimid go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha ceart ar feadh ár n-eolais agus, gurb é ár dtuairim, go dtugann cuntais na scéime, ina léirítear caiteachas €__

léiriú fíor agus cóir ar chostais oibríochtúla na scéime don tréimhse atá i gceist agus go coinníonn an scéim leabhair chuntas iomchuí,

- Glacaimid freagracht as glacadh leis an bhfóirdheontas thar ceann bhaill na grúpscéime chun críche costais oibríochtúla a íoc,
- Táimid ar an eolas go mbeidh réamhíocaíochtaí fóirdheontais amach anseo bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar san iarratas seo agus cuirfimid an t-údarás iomchuí ar an eolas faoi aon athrú suntasach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don teidlíocht ina leith sin,
- I gcás Éileamh ar Fhóirdheontas **Bliantúil**, is ionann liosta na mball a ghabhann leis an iarratas seo agus liosta cothrom le dáta de bhaill uile na scéime don bhliain lena mbaineann an t-éileamh seo,
- Níl muirear seasta ar bith ná muirear ar ráta comhréidh i gceist le haghaidh tomhaltóirí tí.

Sínithe : _____
Post : Cathaoirleach (Ainm I mBloclitreacha)

Dáta : _____

Sínithe : _____
Post : Rúnaí/Bainisteoir (Ainm I mBloclitreacha)

Dáta : _____

Sínihe : _____
Post : Cisteoir (Ainm I mBlóclitreacha)

Dáta : _____